# Duilleog

Uimh. 12 Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Earrach 2010




## Bríd Ní Bháicéar

Ba mhór an chaill dúinne sa Chomharchumann scéala báis

Bhríd Ní Bhaicéar a fháil ag an mheán lae ar an 4 Feabhra ainneoin go raibh fhios againn le tamall nach raibh sí go maith. Ach is mó go mór an chaill a bás da a fear céile Liam agus a dteaghlach óg Oisín, Brídín agus Colm. Go ndéanaí Dia a mhaith ar a hanam uasal dílis agus go dtuga sé sólás agus faoiseamh dá' teaghlach ina gcumhaidh ina diaidh.

Bhí Bríd iontach gníomhach in obair an Chomharchumainn le fada an lá agus chuir sí saothar mór isteach san obair leis an óige go mór mhór an ceol agus an tsiamsaíocht a bhain leis ag dul chuig an Oireachtas, na Fleadhanna, Scór na nÓg agus a leithéidí. Bhain sí sult mór as na himeachtaí sin uilig go háirid nuair a bhí duaiseanna bainte acu rud a tharla go mion minic.

Tá sé deacair anois a chreidbhéail nach bhfuil sí linn níos mó. Tá lúcháir orainn mar sin féin go raibh sí linn agus aoibh bhreá uirthi an oíche mhór sin in Óstán Ghaoth Dobhair ar 30 Márta anuraidh nuair a bronnadh Príomh Dhuais agus Trófaí Ghlór na nGael orainn. Bhí sí línn fosta i nGaillimh i mí na Samhna 2008 ag an ócáid a bhí ag Údarás na Gaeltachta nuair a bhí ainmniúchán faighte ag an Chomharchumann do Ghradaim Pobail na Gaeltachta in Óstán Rhadisson.

Ainneoin go raibh Bríd ag obair mar mhúinteoir i gClochar Loreto i Leitir Ceanainn ar feadh blianta fada, d'éirigh léithe a bheith páirteach in go leor imeachtaí pobail anseo.

Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí an Naíonra sa Chrannóg agus bhí sí i gcónaí gníomhach le Campa Samhraidh na Crannóige.

Bhí sí in Óstán Ghaoth Dobhair ar 6 Nollaig 2009 nuair a sheol Tomás Mac Giolla Bhríghde an dlúth dhiosca An Chéad Ghlúin leis an Chrann Óg, an grúpa ceoil a bhfuil beirt da clann féin páirteach ann. Tá a iníon Brídín mar aisteoir mar cheoltóir agus mar cheannaire óg den chéad scoth a bhuíochas sin cuid mhaith don oiliúint agus an gríosadh a fuair sí óna máthair ó bhí sí an óg agus a thug sí fosta do go leor eile da comh-aoisigh anseo sa Chrannóg agus sa choláiste i Leitir Ceanainn.

Crothnóidh muid í sa Chrannóg, go mór mhór Tony, ach beidh sí inár gcuimhne i gcónaí ag na cruinnithe agus ag na himeachtaí uilig.

Ár mBeannacht leat a Bhríd agus gur i móide theaghlach Dé na Glóire do anam uasal dílis.





# Lá Glantacháin

## 27 Márta 2010

## Lúireach Phádraig

Críost liom,
Críost ionaim,
Críost romham,
Críost i mo dhiaidh.
Críost fúm
Críost os mo chionn,
Críost ar mo
láimh dheis,
Críost ar mo
láimh chlé,
Críost ar mo shuí,
Críost ar mo luí,
Críost ar m'éirí,
Críost i gcroí
achan duine a
smaointíos orm,
Críost i mbéal achan
duine a labhras liom,
Críost i ngach súil a
dhearcas orm,
Críost i ngach cluais a
chluin mé

# Seachtain na Gaeilge agus

# Imeachtaí na Féile Pádraig

## Gaoth Dobhair

## 5 - 17 Márta, 2010

### 5 - 7 Márta, Éigse Uladh 2010 (Clár le fáil ón Chrannóg)

| | |
|---|---|
| **De Domhnaigh, 7 Márta, 1.30** | Siúlóid i nGleann Bheatha |
| **Dé Luain, 8 Márta, 9.00** | Seisiún Ceoil i dTigh Hiudaí Bhig |
| **Dé Máirt, 9 Márta, 9.00** | Céilí i dTigh Jack, An Ghlaisigh |
| **Dé Céadaoin, 10 Márta, 7.00** | Taispeántas Scór na nÓg, Clubtheach C.L.G Ghaoth Dobhair (Clár le fáil ón Chrannóg) |
| **Déardaoin, 11 Márta, 8.00** | Taispeántas Pictiúirí (Grianghrafanna) le Mícheál Ó Domhnaill sa Chrannóg |
| **8.30** | Rang Damhsa Céilí sa Chrannóg |
| **Dé hAoine, 12 Márta, 8.00-10.00** | Céilí don óige in Ionad Dhobhair. |
| **9.30** | Seisiún dTigh Hiudaí Bhig |
| **Dé Luain, 15 Márta, 8.00** | Ciorcal Comhrá don lucht foghlamtha Gaeilge dTigh Hiudaí Bhig |
| **9.30** | Seisiún dTigh Hiudaí Bhig |
| **Dé Máirt 16 Márta, 8.00** | Tráth na gCeist ag Cumann Sóisialta an Acadamh i dTigh Hiudaí Bhig Oíche Cheoil |

Bailiúcháin na Teanga ag na Tithe Pobail uilig sa pharóiste ag Aifrinn tráthnóna Dé Máirt agus ar Lá Fhéil 'Pádraig a eagrú ag C.L.G. Ghaoth Dobhair do Chomhaltas Uladh é Chonradh na Gaeilge

**Dé Céadaoin 17 Márta**
**Lá Fhéile 'Pádraig**
**Mórshiúl na Féile Pádraig ón Bhun Bheag go Doire Beaga ag toiseacht 2.30**

**Tuilleadh eolais ón Chrannóg; 074 95 32208 / 074 95 60424**

# Ceolchoirm An Chrann Óg




## Coirm Cheoil

An grúpa ceoil An Crann Óg ar an Ardán san amharclann úr in Ionad Chois Locha Dún Lúiche Dé Sathairn 13 Feabhra.

Bhí scaifte mór i láthair idir shean is óg agus d'éirigh go maith leis an oíche








## Éigse Uladh 2010

Gaoth Dobhair, 5 – 7 Márta

Téama

**"Forbairt Pobail agus Pleanáil Teanga i gcomhthéacs an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge dtaca leis an Ghaeltacht"**

Clár le fáil sa Chrannóg, Srath na Corcra

### Siúlóid Treoraithe

i nGleann Bheatha



Beidh Siúlóid Treoraithe trí Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha ar siúl

**Dé Domhnaigh, 7 Márta 2010**

Cuirfear tús leis an tsiúlóid ag 1.30 p.m. Ó charrchlós na Páirce Náisiúnta. Beidh cuid den tsiúlóid seo ar bhealach sléibhe agus ní bheidh sé foirstineach do pháistí óga. Fáilte mhór roimh chách.

Cumann Sóisialta na hOllscoile

## Ranganna sa Chrannóg, Srath na Corcra gach seachtain

**Dé Luain**
Rang Giotár 5.30 – 6.30
& 6.30 – 7.30
Rang Fidil 6.30 – 7.30
**Dé Máirt**
Bun rang Gaeilge 7.00 – 8.00
**Dé Céadaoin**
Rang Mandolin 5.30 – 6.30
Rang Bosca Ceoil 5.30 – 6.30
Rang Concertina 6.30 – 7.30
Rang Gaeilge - Teg 7.00 – 8.30
Rang Ealaíon – 8.00 – 10.00
**Déardaoin**
Tuismitheoirí & Tachráin 10.00 – 11.30
Rang Feadóige &
Amhránaíochta 5.30 – 7.00
Rang Céilí 8.00 – 10.00

# Paráid na Féile Pádraig 2010

**Beidh an Pharáid ag toiseacht ag 2.30 i.n. ag cros-bhóthar an Bhun Bhig agus ag críochnú i nDoire Beaga ag carr chlós Molloy's. Tá an Pharáid á eagrú ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i gcomhar le Cumann Tráchtála & Tionscail Ghaoth Dobhair.**

## Club Leabhar agus Léitheoireachta

An bhfuil suim agat páirt a ghlacadh i gclub leabhar Gaeilge?

Ma tá, deán teagmháil linn sa Chrannóg ag (074) 9560424

Ríomhphost :ptgd@vodafone.ie

## An Siopa Frámaí

**Srath na Corcra, Doire Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall**

**Foscailte gach lá Luan go hAoine**

**10.00 - 5.00**

**James - 0872902769**

## Spás le ligint ar chíos

Oifigí nua-aimseartha, de mhéid éagsúla le córas teasa lárnach, sreangaithe do chóras cumarsáide srl. Tús áite tugtha de thograí/gnólachtaí teanga bhunaithe nó ag feidhmiú trí Ghaeilge.

Cíos réasúnta! Chun tuilleadh eolais a fháil, cuir scairt ar an Bhainisteoir, Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag 074-9532208

## Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030

An bhfuil tú ar an eolas faoin Straitéis?

Múna bhfuil thig leat cóip a fháil ar shuíomh idirlíon na

Roinne - www.pobail.ie

Tuilleadh eolais faoin Straitéis le fáil ar shuíomh

Guth na Gaeltachta - www.guthnag.ie

## Tráth na gCeist

Dé Máirt, 16 Marta

8.00 i.n.

**DUAISEANNA GO LEOR**

Quiz Gaelach agus oíche cheoil.

Fáilte mhór roimh chách…

TEACH HIUDAÍ BEAG, An Bun Beag

Cumann Sóisialta na hOllscoile